An Chéim Baitsiléir Oideachais (Comórtas do Scoláirí Lánfhásta)
Próiseas Achomhairc Iontrálacha
Ionad Choláistí Bhaile Átha Cliath

Sa chás go mbíonn iarratasóir de chuid chlár an Chéim Baitsiléir Oideachais (Comórtas do Scoláirí Lánfhásta) i gColáistí Bhaile Átha Cliath (Coláiste Mhuire Marino, Coláiste Phádraig Droim Conrach, Coláiste Oideachais Froebel,) míshásta le cinneadh a bhaineann lena ligean isteach i gcúrsa, féadfaidh an t-iarratasóir leas a bhaint as an bpróiseas achomhairc seo a leanas:

(i) Scríobhfaidh an t-iarratasóir litir achomhairc chuig an Oifig Iontrála, Coláiste Mhuire Marino, ina leagfar amach go soiléir na forais le haghaidh an achomhairc.

(ii) Ní mór achomhairc a chur faoi bhráid na hOifige Iontrála taobh istigh de 10 lá oibre ón tráth a n-eisítear na torthaí.

(iii) Ní fhéadfaidh iarratasóirí achomharc a dhéanamh ach ar na forais seo a leanas:
(a) más rud é nár seoladh an nós imeachta roghnúcháin de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach sna treoirlínte a d'eisigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta sa bhliain iomchuí
(b) más rud é go raibh dearg-neamhrialtacht ann maidir leis an tslí ar seoladh an t-agallamh nó an bhéaltriail Ghaeilge.

(iv) Cuirfear an t-achomharc ar aghaidh go dtí an Coiste Achomharc Iontrálacha, arb iad a bheidh air, an Cláraitheoir (nó ainmní a roghnaíonn an Cláraitheoir) agus ainmní amháin eile de chuid Choláiste Phádraig, ainmí amháin de chuid Choláiste Mhuire agus ainmní amháin de chuid Choláiste Oideachais Froebel, agus duine seachtrach nach mbaineann le haon cheann den trí choláiste sin, a ainmníonn Uachtarán Choláiste Phádraig. Ní bheidh aon pháirt glactha ag comhaltaí an choiste achomharc san agallamh ná sa bhéaltriail Ghaeilge lena mbaineann an t-achomharc.

(v) Beidh cruinniú de chuid an Choiste Achomharc Iontrálacha ann taobh istigh de mhí féilire den dáta deiridh ar a nglacfar le hachomhairc agus eiseofar cinneadh réasúnaithe. Cinntí críochnaitheacha atá i gcinntí an Choiste Achomharc agus beidh siad ina gceangal ar an bpáirtí san achomharc.

(vi) I gcás ina mbeidh an Coiste den tuairim nár seoladh an nós imeachta roghnúcháin de réir nósanna imeachta mar atá siad leagtha amach nó go raibh dearg-neamhrialtacht ann maidir leis an tslí ar seoladh an t-agallamh nó an bhéaltriail Ghaeilge, agus go raibh tionchar díobhálach aige ar chur i láthair an iarratasóra nó ar mheastóireacht boird ar chur i láthair an iarratasóra, féadfaidh an Coiste a mholadh go dtabharfaí cead don iarratasóir agallamh eile nó béaltriail Ghaeilge eile a dhéanamh, mas é sin is toil leis nó léi a dhéanamh, de réir mar is cuí.

(vii) Beidh táille €100 i gceist chun achomharc a dhéanamh agus beidh an méid sin inaisíoctha leis an iarratasóir sa chás go n-éiríonn lena (h)achomharc.

Dé Luain, an 5 Iúil 2010 ar 4.00 i.n. an dáta deiridh ar a nglacfar le hachomhairc